Lena Úsáid don
Chéad Uair 2013/14

Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid TFC trasna an churaclaim sna Gaelscoileanna: Bunscolaíocht (Leibhéil 1–5)

Úsáidtear na dathanna sa doiciméad seo le cuidiú leat dul chun cinn sna Riachtanais a leanúint trasna na leibhéal.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid TFC

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna in Úsáid TFC a fhorbairt.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht agus ar iompar inghlactha ar líne a fhorbairt.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Leibhéal 4	Leibhéal 5
Fiosrú	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**
• **faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaofa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde;** • **idirghníomhú le huirlisí digiteacha le fiosrú agus le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.**	• faisnéis ó fhoinse áirithe dhigiteach a aimsiú agus a roghnú; • gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach a fhiosrú agus idirghníomhú leis/léi.	• faisnéis ó fhoinse áirithe dhigiteach a aimsiú, a roghnú agus a úsáid; • sraith treoracha a leanúint, agus gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach in úsáid acu.	• faisnéis ó fhoinsí áirithe digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a úsáid; • sraith treoracha a leanúint agus a chur in eagar, le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach agus gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach in úsáid acu.	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a úsáid; • fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallacht dhigiteach.	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid agus a luacháil; • fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i réimse de thimpeallachtaí digiteacha.
Cur in iúl					
• **smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.**	• smaointe a chur in iúl trí phictiúir a chruthú agus trí théacs a chumadh nó trína nguthú féin a chur leo.	• téacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán, agus íomhánna agus/nó fuaim a chomhcheangal leis.	• smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán - é seo a chomhcheangal le rogha fhóirsteanach d'íomhánna agus/nó d'fhuaimeannna.	• acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad féin a phróiseáil, téacs, sonraí, fuaim, íomhánna gluaisteacha nó socra san áireamh, agus iad seo a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, agus tuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu.	• acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad féin a phróiseáil, téacs, sonraí, fuaim, íomhánna gluaisteacha agus socra a chomhtháthú lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, agus tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu.
Malartú					
• **cumarsáid a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach agus réimse de mhodhanna agus d'uirlisí digiteacha comhaimseartha in úsáid acu agus iad ag malartú, ag roinnt ag comhoibriú agus ag forbairt smaointe go digiteach.**	• fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh.	• dóigheanna a ndéantar cumarsáid dhigiteach a shainaithint agus labhairt fúthu.	• modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir.	• modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir.	• réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid agus le malartú a dhéanamh agus lena gcuid oibre a roinnt agus iad ag comhoibriú ar líne le piaraí.
Luacháil					
• **labhairt faoina gcuid oibre, í a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus iad ag machnamh ar an phróiseas agus ar an toradh, agus ag smaoineamh ar na foinsí agus ar na háiseanna a úsáideadh, sábháilteacht, iontaofacht agus inghlacthacht san áireamh.**	• labhairt faoina gcuid oibre.	• labhairt faoin dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú.	• leasuithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú.	• uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú.	• uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus le próisis agus torthaí a luacháil.
Taispeáint					
• **a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair agus a gcuid foghlama trasna an churaclaim a thaispeáint, agus TFC á húsáid go sábháilte agus go freagrach.**	• a gcuid oibre a phriontáil.	• a gcuid oibre a shábháil.	• comhadainmneacha a úsáid le hobair a shabháil agus obair a roghnú lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach.	• a gcuid oibre a roghnú, a eagrú, a stóráil agus a aisghabháil lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach i spás pearsantaithe.	• a gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach trasna an churaclaim.

Ba chóir do dhaltaí, nuair is cuí, eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht a léiriú, iompar inghlactha ar líne san áireamh.